RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/254 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Feabhra 2021

lena leasaítear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus (AE) 2020/1988 agus Rialacháin (CE) Uimh. 218/2007 agus (CE) Uimh. 1518/2007 a mhéid a bhaineann le hallmhairiú táirgí de thionscnamh na Ríochta Aontaithe agus na táirgí sin a eisiamh ó na taraifchuótaí ag a bhfuil tréimhsí cuóta atá ar bun faoi láthair

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 187 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ([2]) ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 66(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena leagtar síos na socruithe trádála is infheidhme maidir le hearraí áirithe ar toradh ar phróiseáil táirgí talmhaíochta iad agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1216/2009 agus (CE) Uimh. 614/2009 ón gComhairle ([3]), agus go háirithe pointí (a) go (d) den chéad mhír d'Airteagal 9 agus pointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 16(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún ([4]), leagtar síos na rialacha maidir le bainistiú na dtaraifchuótaí ar allmhairí agus onnmhairí maidir le táirgí talmhaíochta a bhainistítear le córas ceadúnas allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin agus déantar líon áirithe gníomhartha a bhfuil na cuótaí sin oscailte acu a aisghairm agus a ionadú agus foráiltear do rialacha sonracha.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 ón gCoimisiún ([5]), leagtar síos na rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a mhéid a bhaineann leis na rialacha maidir le riar taraifchuótaí ar allmhairí atá ceaptha lena n-úsáid ar bhonn ord croineolaíoch na ndátaí a ghlactar leis na dearbhuithe custaim (an prionsabal "tagadh do sheal mar a tháinig tú féin").

(3) Le Rialachán (CE) Uimh. 218/2007 ón gCoimisiún ([6]), osclaítear roinnt taraifchuótaí le haghaidh fíona agus déantar foráil maidir lena riar.

(4) Le Rialachán (CE) Uimh. 1518/2007 ón gCoimisiún ([7]), osclaítear taraifchuóta le haghaidh fíon mormónta agus déantar foráil maidir lena riar.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.
([2]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 549.
([3]) IO L 150, 20.5.2014, lch. 1.
([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1306/2013, (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le córas bainistithe na dtaraifchuótaí le ceadúnais (IO L 185, 12.6.2020, lch. 24).
([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le riar taraifchuótaí ar allmhairí i gcomhréir leis an bprionsabal 'tagadh do sheal mar a tháinig tú féin' (IO L 422, 14.12.2020, lch. 4).
([6]) Rialachán (CE) Uimh. 218/2007 ón gCoimisiún an 28 Feabhra 2007 lena n-osclaítear taraifchuótaí Comhphobail le haghaidh fíona agus lena ndéantar foráil maidir lena riar (IO L 62, 1.3.2007, lch. 22).
([7]) Rialachán (CE) Uimh. 1518/2007 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2007 lena n-osclaítear taraifchuóta le haghaidh fíon mormónta agus lena ndéantar foráil maidir lena riar (IO L 335, 20.12.2007, lch. 14).

(5) Leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (dá ngairtear "an Comhaontú" anseo feasta) ([8]), foráiltear nach bhfuil táirgí de thionscnamh na Ríochta Aontaithe incháilithe lena n-allmhairiú isteach san Aontas faoi tharaifchuótaí EDT atá ann cheana mar a shainítear in Airteagal GOODS.18 den Chomhaontú. Leis an Airteagal sin, tagraítear do tharaifchuótaí arna gcionroinnt idir na Páirtithe de bhun caibidlíocht faoi Airteagal XXVIII GATT a thionscain an tAontas le doiciméad EDT G/SECRET/42/Add.2 ([9]) agus a thionscain an Ríocht Aontaithe le doiciméad EDT G/SECRET/44 ([10]) agus mar a leagtar amach i reachtaíocht inmheánach ar leith gach Páirtí. Leis an Airteagal sin, foráiltear go bhfuil stádas tionscnaimh na dtáirgí le cinneadh ar bhonn na rialacha tionscnaimh neamhfhabhair is infheidhme maidir leis an bPáirtí allmhairiúcháin.

(6) Tagraíonn taraifchuótaí EDT atá ann cheana, mar a shainítear in Airteagal GOODS.18 den Chomhaontú, do lamháltais EDT an Aontais a áirítear i ndréachtsceideal AE28 de lamháltais agus gealltanais faoi GATT 1994 arna gcur faoi bhráid EDT le doiciméad G/MA/TAR/RS/506 ([11]) mar a leasaítear le doiciméid G/MA/TAR/RS/506/Add.1 agus G/MA/TAR/RS/506/Add.2 ([12]).

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus (AE) 2020/1988 agus Rialacháin (CE) Uimh. 218/2007 agus (CE) Uimh. 1518/2007 a leasú chun Airteagal GOOD.18 den Chomhaontú a chomhlíonadh d'fhonn táirgí de thionscnamh na Ríochta Aontaithe a eisiamh ó tharaifchuótaí EDT atá ann cheana.

(8) Ós rud é go bhfuil feidhm ag Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus (AE) 2020/1988 maidir le taraifchuótaí a bhfuil tréimhsí cuóta dar tús an 1 Eanáir 2021 acu, agus leis na taraifchuótaí amháin, ba cheart an Ríocht Aontaithe a eisiamh freisin chun críocha na dtaraifchuótaí céanna a bhfuil tréimhsí cuóta acu a thosaigh roimh an 1 Eanáir 2021 (tréimhsí cuóta atá ar bun an 1 Eanáir 2021) agus dá ndéantar an t-allmhairiú amhail ón 1 Eanáir 2021. Níl ceadúnais a eisíodh cheana féin ag teastáil chun táirgí de thionscnamh na Ríochta Aontaithe a allmhairiú mar go mbeifí in ann allmhairiú saor ó dhleacht agus saor ó chuóta faoin gComhaontú. I gcás gur eisíodh ceadúnais den chineál sin roimh an 1 Eanáir 2021, ba cheart na hurrúis ábhartha a taisceadh a scaoileadh arna iarraidh sin ag na hoibreoirí lena mbaineann. Amhail ón 1 Eanáir 2021, níor cheart ceadúnais le haghaidh na dtaraifchuótaí sin a eisiúint i gcás táirgí de thionscnamh na Ríochta Aontaithe.

(9) Chun comhréireacht an Rialacháin le hAirteagal GOODS.18 den Chomhaontú a áirithiú, ba cheart dó teacht i bhfeidhm mar ábhar práinne lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart feidhm a bheith aige amhail ón 1 Eanáir 2021.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca "Áit tionscnaimh" sna táblaí a thagraíonn do na taraifchuótaí a bhfuil na sraithuimhreacha 09.4131, 09.4133, 09.4120, 09.4121 agus 09.4122 acu:

"**Áit tionscnaimh**	Gach tríú tír ach amháin an Ríocht Aontaithe"

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca "Áit tionscnaimh" sa tábla a thagraíonn don taraifchuóta a bhfuil an tsraithuimhir 09.4125 aige:

"**Áit tionscnaimh**	Gach tríú tír ach amháin Stáit Aontaithe Mheiriceá, Ceanada agus an Ríocht Aontaithe"

([8]) IO L 444, 31.12.2020, lch. 14.
([9]) https://docs.wto.org
([10]) https://docs.wto.org
([11]) https://docs.wto.org
([12]) https://docs.wto.org

(2) Leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca "Áit tionscnaimh" sna táblaí a thagraíonn do na taraifchuótaí a bhfuil na sraithuimhreacha 09.4138, 09.4148, 09.4166 agus 09.4168 acu:

"**Áit tionscnaimh**	Gach tríú tír ach amháin an Ríocht Aontaithe"

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca "Áit tionscnaimh" sa tábla a thagraíonn don taraifchuóta a bhfuil an tsraithuimhir 09.4119 aige:

Áit tionscnaimh	Gach tríú tír ach amháin an India, an Phacastáin, an Téalainn, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Ríocht Aontaithe

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Áit tionscnaimh' sa tábla a thagraíonn don taraifchuóta a bhfuil an tsraithuimhir 09.4130 aige:

"**Áit tionscnaimh**	Gach tríú tír ach amháin an Astráil, an Téalainn, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Ríocht Aontaithe"

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca "Áit tionscnaimh" sa tábla a thagraíonn don taraifchuóta a bhfuil an tsraithuimhir 09.4154 aige:

"**Áit tionscnaimh**	Gach tríú tír ach amháin an Astráil, an Ghuáin, an Téalainn, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Ríocht Aontaithe"

(3) in Iarscríbhinn IV, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca "Áit tionscnaimh" sa tábla a thagraíonn don taraifchuóta a bhfuil an tsraithuimhir 09.4320 aige:

"**Áit tionscnaimh**	Gach tríú tír ach amháin an Ríocht Aontaithe"

(4) in Iarscríbhinn VI, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca "Áit tionscnaimh" sa tábla a thagraíonn don taraifchuóta a bhfuil an tsraithuimhir 09.4287 aige:

"**Áit tionscnaimh**	Gach tríú tír ach amháin an tSín, an Airgintín agus an Ríocht Aontaithe"

(5) in Iarscríbhinn VII, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca "Áit tionscnaimh" sa tábla a thagraíonn don taraifchuóta a bhfuil an tsraithuimhir 09.4286 aige:

"**Áit tionscnaimh**	Gach tríú tír ach amháin an tSín agus an Ríocht Aontaithe"

(6) in Iarscríbhinn VIII, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca "Áit tionscnaimh" sa tábla a thagraíonn don taraifchuóta a bhfuil an tsraithuimhir 09.4003 aige:

"**Áit tionscnaimh**	Gach tríú tír ach amháin an Ríocht Aontaithe"

(7) in Iarscríbhinn IX, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca "Áit tionscnaimh" sa tábla a thagraíonn don taraifchuóta a bhfuil an tsraithuimhir 09.4595 aige:

"**Áit tionscnaimh**	Gach tríú tír ach amháin an Ríocht Aontaithe"

(8) in Iarscríbhinn X, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca "Áit tionscnaimh" sa tábla a thagraíonn don taraifchuóta a bhfuil an tsraithuimhir 09.4038 aige:

"**Áit tionscnaimh**	Gach tríú tír ach amháin an Ríocht Aontaithe"

(9) in Iarscríbhinn XI, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca "Áit tionscnaimh" sna táblaí a thagraíonn do na taraifchuótaí a bhfuil na sraithuimhreacha 09.4401 agus 09.4402 acu:

"**Áit tionscnaimh**	Gach tríú tír ach amháin an Ríocht Aontaithe"

(10) Leasaítear Iarscríbhinn XII mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca "Áit tionscnaimh" sna táblaí a thagraíonn do na taraifchuótaí a bhfuil na sraithuimhreacha 09.4067, 09.4068, 09.4069, 09.4070 agus 09.4422 acu:

"**Áit tionscnaimh**	Gach tríú tír ach amháin an Ríocht Aontaithe"

(b) leasaítear mar a leanas na táblaí a thagraíonn do na taraifchuótaí a bhfuil na sraithuimhreacha 09.4213, 09.4216, 09.4260 agus 09.4412 acu:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca "Áit tionscnaimh":

"**Áit tionscnaimh**	Gach tríú tír ach amháin an Bhrasaíl, an Téalainn agus an Ríocht Aontaithe"

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca "Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas":

Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas	I Roinn 24 den cheadúnas beidh an ráiteas "Ná húsáidtear le haghaidh táirgí de thionscnamh na Brasaíle, na Téalainne ná na Ríochta Aontaithe"

(c) leasaítear an tábla a thagraíonn don taraifchuóta a bhfuil an tsraithuimhir 09.4218 aige mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca "Áit tionscnaimh":

"**Áit tionscnaimh**	Gach tríú tír ach amháin an Bhrasaíl agus an Ríocht Aontaithe"

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca "Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas":

"**Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas**	I Roinn 24 den cheadúnas beidh an ráiteas 'Ná húsáidtear le haghaidh táirgí de thionscnamh na Brasaíle ná na Ríochta Aontaithe"

(d) leasaítear na táblaí a thagraíonn do na taraifchuótaí a bhfuil na sraithuimhreacha 09.4263, 09.4264 agus 09.4265 acu mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca "Áit tionscnaimh":

"**Áit tionscnaimh**	Gach tríú tír ach amháin an Téalainn agus an Ríocht Aontaithe"

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca "Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas":

"**Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas**	I Roinn 24 den cheadúnas beidh an ráiteas 'Ná húsáidtear le haghaidh táirgí de thionscnamh na Téalainne ná na Ríochta Aontaithe"

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca 'Áit tionscnaimh' sna táblaí a thagraíonn do na taraifchuótaí a bhfuil na sraithuimhreacha 09.0138, 09.0132, 09.0135, 09.2903, 09.2905, 09.0071, 09.0072, 09.0073, 09.0074, 09.0075, 09.0076, 09.0089, 09.0070, 09.0043, 09.0083, 09.0139, , 09.0056, 09.0057, 09.0041, 09.0039, 09.0058, 09.0094, 09.0059, 09.0060, 09.0061, 09.0062, 09.0063, 09.0040, 09.0025, 09.0027, 09.0033, 09.0092, 09.0093, 09.0035, 09.0144, 09.0161(cuóta fo-tharaife de 09.0144), 09.0162 (cuóta fo-tharaife de 09.0144), 09.0145, 09.0163 (cuóta fo-tharaife de 09.0145)**,** 09.0164 (cuóta fo-tharaife de 09.0145), 09.0113, 09.0114, 09.0115, 09.0147, 09.0148, 09.0149, 09.0150, 09.0151, 09.0152, 09.0153, 09.0159 (cuóta fo-tharaife de 09.0153), 09.0160 (cuóta fo-tharaife de 09.0153), 09.0118, 09.0119, 09.0120, 09.0121, 09.0122, 09.0123, 09.2178, 09.2179, 09.2016, 09.2181, 09.2019, 09.0154 agus 09.0055 acu:

"**Áit tionscnaimh**	Gach tríú tír ach amháin an Ríocht Aontaithe"

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca "Áit tionscnaimh" sa tábla a thagraíonn don taraifchuóta a bhfuil an tsraithuimhir 09.0128 aige:

"**Áit tionscnaimh**	Tríú tíortha ar comhaltaí iad de EDT ach amháin an tSín, an Téalainn, an Indinéis agus an Ríocht Aontaithe"

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca "Áit tionscnaimh" sa tábla a thagraíonn do na taraifchuótaí a bhfuil an tsraithuimhir 09.0131 acu:

"**Áit tionscnaimh**	Gach tríú tír ach amháin an tSín agus an Ríocht Aontaithe"

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca "Áit tionscnaimh" sa tábla a thagraíonn do na taraifchuótaí a bhfuil an tsraithuimhir 09.0142 acu:

"**Áit tionscnaimh**	Gach tríú tír ach amháin an Airgintín agus an Ríocht Aontaithe"

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca "Áit tionscnaimh" sna táblaí a thagraíonn do na taraifchuótaí a bhfuil na sraithuimhreacha 09.2171, 09.2175 agus 09.2015 acu:

"**Áit tionscnaimh**	Gach comhalta de EDT ach amháin an Airgintín, an Astráil, an Nua-Shéalainn, Uragua, an tSile, an Ghraonlainn, an Íoslainn agus an Ríocht Aontaithe"

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca "Áit tionscnaimh" sna táblaí a thagraíonn do na taraifchuótaí a bhfuil na sraithuimhreacha 09.0156 agus 09.0158 acu:

"**Áit tionscnaimh**	Gach tríú tír ach amháin an Bhrasaíl agus an Ríocht Aontaithe"

(7) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an bhosca "Áit tionscnaimh" sa tábla a thagraíonn do na taraifchuótaí a bhfuil an tsraithuimhir 09.0157 acu:

"**Áit tionscnaimh**	Gach tríú tír ach amháin an Bhrasaíl, an Téalainn agus an Ríocht Aontaithe"

Airteagal 3

Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 218/2007

Leasaítear Airteagal 1 de Rialachán (CE) Uimh. 218/2007 mar a leanas:

(1) i bpointe (a), cuirtear na focail "(gach tríú tír ach amháin an Ríocht Aontaithe)" in ionad na bhfocal "(*erga omnes*)";

(2) i bpointe (b), cuirtear na focail "(gach tríú tír ach amháin an Ríocht Aontaithe)" in ionad na bhfocal "(*erga omnes*)".

Airteagal 4

Leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 1518/2007

In Airteagal 1 de Rialachán (CE) Uimh. 1518/2007, cuirtear na focail "(gach tríú tír ach amháin an Ríocht Aontaithe)" in ionad na bhfocal "(*erga omnes*)".

Airteagal 5

Taraifchuótaí ag a bhfuil tréimhsí cuóta atá ar bun faoi láthair

1. Amhail ón 1 Eanáir 2021, ní eiseofar ceadúnais le haghaidh táirgí de thionscnamh na Ríochta Aontaithe faoi na taraifchuótaí dá dtagraítear in Airteagal 1, a bhfuil a dtréimhse chuóta ar bun an 1 Eanáir 2021. Amhail ón dáta céanna, ní chumhdaítear táirgí de thionscnamh na Ríochta Aontaithe faoi na taraifchuótaí dá dtagraítear in Airteagal 2.

2. A mhéid a bhaineann le hallmhairí isteach san Aontas ón Ríocht Aontaithe ar bhonn ceadúnas faoi na taraifchuótaí dá dtagraítear in Airteagal 1 a eisíodh roimh an 1 Eanáir 2021 lena n-áirítear an Ríocht Aontaithe mar thír thionscnaimh agus a bhfuil a dtréimhse chuóta ar bun an 1 Eanáir 2021 agus nach scaoileann na Ballstáit le haghaidh saorchúrsaíochta i gcomhréir leis an gComhaontú, scaoilfear na hurrúis sin a taisceadh arna iarraidh sin ag na hoibreoirí lena mbaineann.

Airteagal 6

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Feabhra 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN